Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tomhaltas éifeachtúil uisce agus feasacht tomhaltóirí maidir lena lorg uisce

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 349/04)

Rapóirtéir **: Milena Angelova**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	29.6.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	12.7.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	580
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	190/2/6

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá uisce riachtanach don saol, don chomhshaol agus don gheilleagar, agus, dá réir sin, is leas coiteann é nach mór a bheith inrochtana agus inacmhainne do chách. Níos tábhachtaí fós, ní mór é a urramú agus a chosaint. Mar gheall ar thionchar an duine agus an t-athrú aeráide, tá méadú ag teacht ar an nganntanas uisce ar fud an domhain agus san Eoraip. Bíonn tionchar ag an strus maidir le huisce ar thart ar 20 % de chríoch na hEorpa agus ar 30 % dá daonra ([1]). Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) reachtaíocht chuimsitheach an Aontais a tugadh isteach sa réimse sin ([2]) agus iarrann sé go ndéanfaí í a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtúil, ionas go n-áiritheofar tomhaltas éifeachtúil uisce, agus ionas go mbeidh rochtain ag gach saoránach den Aontas ar uisce.

1.2. Iarrann CESE go ndéanfaí bearta sonracha a dhearadh agus a chur chun feidhme go pras chun feasacht ar thomhaltas éifeachtúil uisce a mhéadú agus chun nuálaíochtaí teicneolaíochta a chur chun cinn chun éifeachtúlacht uisce a mhéadú i gcórais táirgthe, chomh maith le straitéisí maidir le dramhaíl a íoslaghdú agus maidir le hathchúrsáil. I gcomhréir le cur i bhfeidhm an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, tá CESE ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na geallsealbhóirí na rialacha atá i bhfeidhm ([3]).

1.3. Tá béim á leagan ag CESE ar a ríthábhachtaí atá sé na tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi thomhaltas éifeachtúil uisce, a bhfeasacht a ardú ina leith sin, agus iad a spreagadh agus a threorú i dtreo na sprice sin. Tá freagracht chomhroinnte ar lucht ceaptha beartas, ar na comhpháirtithe sóisialta, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar na geallsealbhóirí uile cumarsáid shoiléir a dhéanamh maidir le luach an uisce agus an lorg a bhaineann leis, úsáid fearas atá éifeachtúil ó thaobh uisce de a chur chun cinn agus dreasachtaí a chur ar fáil do thomhaltóirí chun iad a spreagadh uisce a choigilt agus iarracht a dhéanamh barrfheabhas a bhaint amach ar bhonn leanúnach.

1.4. Iarrann CESE ar an Aontas, ar na Ballstáit, ar na húdaráis inniúla, ar oibreoirí uisce, agus ar na páirtithe uile atá rannpháirteach sa phróiseas iarracht a dhéanamh, laistigh dá n-inniúlachtaí féin, feabhas leanúnach a chur ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus éifeachtúlacht uisce. Gnéithe riachtanacha den phróiseas sin is ea acmhainní uisce óil a chosaint níos fearr, bogadh i dtreo úsáid chiorclach a bhaint as an uisce, soláthar poiblí uisce a áirithiú ar phraghas cothrom do sheirbhísí, agus an bhochtaineacht uisce a chosc.

([1]) Tuarascáil Uimh. 12/2021 ó EEA *Water resources across Europe – confronting water stress: an updated assessment*, 2021.

([2]) An pacáiste 'Oiriúnach do 55', an Treoir Réime maidir le hUisce, an Treoir maidir le huisce óil, an Rialachán maidir le hathúsáid uisce, etc.

([3]) Mar shampla, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_14_1151 agus https://www.politico.eu/article/italy-biggest-steel-mill-mockery-eu-environmental-rules/.

1.5. Molann CESE na bearta seo a leanas a chur chun feidhme go pras chun tomhaltas éifeachtúil uisce agus feasacht tomhaltóirí maidir lena lorg uisce a fheabhsú agus chun rannchuidiú le sochaí atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de a bhaint amach ([4]):

1.5.1. *Bearta atá dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh agus a threorú i dtreo tomhaltas éifeachtúil uisce*

1.5.1.1. Cumarsáid shoiléir maidir le luach an uisce (*beart a chuirfidh na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí uisce chun feidhme*). Ba cheart feachtais chumarsáide chun iompar fadtéarmach a athrú a eagrú chun oideachas a chur ar thomhaltóirí maidir leis an luach a bhaineann le huisce agus le seirbhísí uisce, agus chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar bhearta éigeandála gearrthéarmacha mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna a eascraíonn as an athrú aeráide (triomach agus tuilte). Spriocghrúpa tábhachtach amháin is ea leanaí. Ba cheart é a bheith ina ghnáthnós úsáid uisce óil a ionadú le foinsí neamhghnácha uisce (e.g. nuair is féidir, gairdíní a uisciú nó carranna a ní le huisce báistí a bhailítear).

1.5.1.2. Fearais/feistí atá éifeachtúil ó thaobh uisce de a chur chun cinn (*beart a chuirfidh an tAontas agus na Ballstáit chun feidhme*). Sa lá atá inniu ann, baineann teaghlaigh phríobháideacha úsáid as roinnt mhaith fearais/feistí a ídíonn uisce. I ngeall ar an dul chun cinn atá déanta i réimse na teicneolaíochta, tá laghdú déanta ag roinnt mhaith de na teaghlaigh sin ar a n-úsáid uisce le blianta beaga anuas, rud a thacaíonn leis an treocht maidir leis an laghdú atá ag teacht ar úsáid uisce per capita. Tá gá le dreasachtaí breise chun táirgeoirí a spreagadh leanúint den nuálaíocht ionas go bhfeabhsófar éifeachtúlacht uisce a bhfearas, chun tomhaltóirí a spreagadh na fearais sin a cheannach agus a úsáid. Ba cheart lipéad tomhaltais uisce a bheith ar gach fearas/gléas den sórt sin.

1.5.1.3. *Na tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina lorg uisce (beart a chuirfidh an tAontas agus na Ballstáit chun feidhme)*. Tá i bhfad níos mó i gceist le tomhaltas uisce iarbhír na dteaghlach príobháideach ná úsáid a bhaint as uisce óil. Tá méid áirithe uisce ([5]) i ngach táirge agus seirbhís a ídítear agus is minic a bhíonn cuid mhór de lorg uisce an tomhaltóra lasmuigh dá réigiún/tír, nó fiú den Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag roghanna na dtomhaltóirí ar úsáid uisce réigiúnach, náisiúnta agus domhanda. Ó thaobh an oideachais de, is paraiméadar éifeachtach é an lorg uisce. Cuireadh san áireamh é le déanaí freisin sna cláir a d'fhorbair roinnt mhaith fóntas do scoileanna. Tá roinnt áireamháin lorg carbóin ar fáil ar líne, ar féidir tomhaltóirí úsáid a bhaint astu trína gcuid sonraí a chur isteach, chun a lorg carbóin a fháil. Ba cheart tomhaltóirí a chur ar an eolas fúthu trí fheachtais faisnéise.

1.5.2. *Bearta atá dírithe ar infhaighteacht, inrochtaineacht agus éifeachtúlacht uisce a fheabhsú*

1.5.2.1. *Soláthar poiblí uisce a áirithiú (beart a chuirfidh na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí uisce chun feidhme)*. Mar chuid de chur chuige iomlánaíoch, ba cheart bearta a dhéanamh chun éifeachtúlacht agus athléimneacht an chórais soláthair agus dáileacháin uisce óil a fheabhsú trí rialú níos fearr a dhéanamh ar sceitheadh, i gcás inar gá, trí fhoinsí malartacha uisce óil a fhorbairt agus trí bhearta iomchuí eile a chur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist leis sin freisin, d'fhonn an tsláinte phoiblí agus an fholláine phoiblí a chosaint, go ndéanfaidh na Ballstáit bearta a bhreithniú chun a áirithiú go mbeidh tosaíocht ag an soláthar poiblí uisce ar úsáidí eile uisce le linn tréimhsí géarghanntanais uisce.

1.5.2.2. *Praghas cothrom a áirithiú le haghaidh seirbhísí uisce bunaithe ar aisghabháil iomlán costas agus inacmhainneacht a ráthú do ghrúpaí leochaileacha ag an am céanna (beart a chuirfidh na húdaráis inniúla chun feidhme)*. Le Treoir 2000/60/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit an prionsabal maidir le haisghabháil chostais na seirbhísí uisce a chur san áireamh, a mhéid a bhaineann le hearnáil na tionsclaíochta, le teaghlaigh agus leis an talmhaíocht, ar a laghad. De réir shonraí an Choimisiúin agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), níl costas iomlán na seirbhísí uisce á aisghabháil ach i naoi mBallstát ([6]). I bhformhór na gcásanna, tá sé teoranta do theaghlaigh phríobháideacha. Cé gur cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun inrochtaineacht agus inacmhainneacht seirbhísí uisce a áirithiú do na grúpaí is leochailí ([7]), tá sé tábhachtach go léireodh an taraif uisce fíorchostas na seirbhísí uisce. Cinnteoidh sé sin, mar aon le méadrú cruinn tomhaltais, go mbeidh na tomhaltóirí níos fearr ar an eolas faoi chostas na seirbhísí uisce. Ba cheart do na Ballstáit plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht muirir a ghearradh bunaithe ar 'luach an uisce', rud a áiritheodh go gcaomhnófaí an

([4]) https://watereurope.eu/wp-content/uploads/WE-Water-Vision-2023_online.pdf
([5]) Water Footprint Network, *Water Footprint Assessment*, arna rochtain an 22 Bealtaine 2023.
([6]) ECFE, *Background note: Cost recovery*, Aibreán 2022.
([7]) Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1)

acmhainn ghannta seo do na glúnta atá le teacht freisin. D'fhéadfadh comharthaí praghais a bheith san áireamh i dtaraifí uisce chun éifeachtúlacht úsáide uisce a mhéadú. Mar shampla, d'fhéadfadh méadú teacht ar tharaifí nuair a sháraítear méid áirithe tomhaltais per capita laistigh de theaghlach, nó nuair atá an soláthar uisce faoi bhagairt ag ganntanas sealadach uisce.

1.5.2.3. Méadrú éifeachtúil ar thomhaltas uisce trí chruinneas an tomhais a mhéadú *(beart a chuirfidh na Ballstáit, na bardais agus na soláthraithe uisce chun feidhme)*:

— a áirithiú go ndéanfar tomhaltas uisce a thomhas go héifeachtúil, trí mhéadair uisce chruinne agus beartas maidir le méadair uisce a athnuachan chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoina dtomhaltas iarbhír;

— tomhaltas ó thoibreacha príobháideacha a rialú chun úsáid uisce a fhoinsítear go díreach ó screamhuisce a theorannú;

— méadrú cliste a úsáid chun foláirimh a sholáthar d'úsáideoirí deiridh maidir le tomhaltas ard nó neamhghnách, agus maidir le tomhaltas íseal sreafa, a d'fhéadfadh a bheith ina sceitheadh inmheánach.

1.5.2.4. *Acmhainní uisce óil a chosaint níos fearr (beart a chuirfidh an tAontas agus na Ballstáit chun feidhme)*. Ní mór acmhainní uisce óil a chosaint ar éilliú de dhéanamh an duine. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór plean gníomhaíochta an Aontais um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú a chur chun feidhme go dian trí phrionsabail an réamhchúraim agus an rialaithe ag an bhfoinse a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, maidir le gach substaint ar údar imní é a d'fhéadfadh dul isteach in acmhainní uisce óil. Tagann éilleáin ó fhoinsí tionsclaíocha freisin (substaintí sárfhluarailcile agus pholafluarailcile [PFASanna], an chógaisíocht, díghalráin etc.) nó ó fhoinsí talmhaíochta (lotnaidicídí, níotráití). Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Aontas ar ghníomhartha reachtacha ábhartha ar féidir leo truailliú a chosc ag an bhfoinse, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ([8]), Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([9]), Treoir 2009/128/CE ([10]), Rialachán 726/2004 ([11]) agus Treoir 2001/83/CE ([12]). Ní mór a áirithiú go gcosnóidh na rialacha a bheidh ann amach anseo ár n-acmhainní uisce go héifeachtach.

1.5.2.5. *Bogadh i dtreo úsáid chiorclach a bhaint as an uisce (beart a chuirfidh an tAontas, na Ballstáit agus na hoibreoirí uisce chun feidhme)*. Is féidir an éifeachtúlacht uisce a mhéadú trí uisce a athúsáid. Ar thaobh amháin, ba cheart teaghlaigh phríobháideacha a spreagadh chun uisce báistí a bhailiú nuair is féidir, agus é a úsáid chun críocha iomchuí, lena n-áirítear chun gairdíní a uisciú agus glanadh). Ar an taobh eile, ní mór bearta éifeachtacha maidir le rialú ag an bhfoinse a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh éilleáin san fhuíolluisce a tháirgeann teaghlaigh, ar éilleáin iad a d'fhéadfadh athúsáid fuíolluisce chóireáilte le haghaidh uisciúcháin agus chun críocha eile a chur i mbaol.

1.5.2.6. *Oiriúnú don athrú aeráide (beart a chuirfidh na Ballstáit, na bardais agus na hoibreoirí fuíolluisce chun feidhme)*. Tá éagsúlachtaí ann maidir leis an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar na réigiúin. Tá tábhacht ar leith ag baint le bearta a chur in oiriúint do dhálaí áitiúla. Go ginearálta, beidh gá le hathmhachnamh a dhéanamh ar an bpleanáil uirbeach trí bhailte a chlaochlú ina gcathracha 'spúinse' ([13]). Tríd an méid sin a dhéanamh, cuirfear feabhas ar an aeráid uirbeach, ligfear d'uisce báistí a shileadh chun bealaigh agus laghdófar líon na n-eachtraí maidir le forsceitheadh ó chomhchórais séarachais.

1.5.2.7. *Dea-rialachas a áirithiú (beart a chuirfidh na Ballstáit, na réigiúin agus na bardais chun feidhme)*. Chun athruithe a bhaint amach, tá gá le struchtúir rialachais atá soiléir agus éifeachtúil. Ach na struchtúir sin a bheith ar fáil, ba cheart a bheith in ann an comhar idir na gníomhaithe uile a neartú agus freagrachtaí a chinneadh. Ba cheart gníomhaíochtaí a bhunú ar réamhaisnéisí cruinne ar thionchair an athraithe aeráide ar na réigiúin agus ar fhorbairt phatrúin an éilimh ar uisce (talmhaíocht, tionsclaíocht, forbairt an daonra etc.) sna blianta amach romhainn.

([8]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha. (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17)

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

([10]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 71.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach. (IO L 136, 30.4. 2004, lch. 1).

([12]) Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine. (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

([13]) Is éard a chiallaíonn 'cathracha spúinse' limistéir uirbeacha ina bhfuil limistéir nádúrtha fhlúirseacha, amhail limistéir le crainn, lochanna agus páirceanna, nó ina bhfuil dearaí maithe eile arb é is aidhm dóibh báisteach a ionsú agus tuilte a chosc https://climatechampions.unfccc.int/what-are-sponge-cities-and-how-can-they-prevent-floods/, arna rochtain an 7 Meitheamh 2023.

1.5.2.8. *Na húdaráis phoiblí ina gcáil mar cheannródaithe (beart a chuirfidh na Ballstáit agus na bardais chun feidhme).* Ós rud é go bhfuil na húdaráis phoiblí, lena n-áirítear na hinstitiúidí Eorpacha, freagrach as bearta beartais agus socruithe praiticiúla a cheapadh agus a chur chun feidhme, ba cheart ról ceannasach a bheith acu maidir lena lorg uisce a laghdú.

2. **Cúlra**

2.1. Mar chuid de thionscnamh suaitheanta CESE do 2023 lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar uisce mar thosaíocht thábhachtach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda, fiosraítear sa tuairim féintionscnaimh seo na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh tomhaltas uisce na dtomhaltóirí san Aontas níos éifeachtúla. Cuirtear san áireamh chomh maith saincheisteanna comhshaoil, bearnaí eolais agus staid na himeartha maidir le teicneolaíochtaí gaolmhara. Cuirtear smaointe chun cinn sa tuairim seo maidir le conas tomhaltas agus scaoileadh uisce na dteaghlach a bharrfheabhsú, bunaithe ar fhís chuimsitheach ar ról na dtomhaltóirí agus ar a riachtanais ó thaobh chainníocht agus cháilíocht an uisce de, agus déantar moltaí sonracha chun na críche sin.

2.2. Tá uisce riachtanach don saol, don chomhshaol agus don gheilleagar, agus, dá réir sin, is leas coiteann é nach mór a urramú agus a chosaint. Mar sin féin, tá acmhainní uisce na hEorpa faoi bhagairt mar gheall ar an athrú aeráide, ós rud é go bhfuil roinnt mhaith imchuacha uisce (an Mheánmhuir go háirithe ([14])) thíos le frasaíocht fhoriomlán laghdaithe agus tréimhsí triomaigh níos faide, agus, ag an am céanna, tá formhór na réigiún thíos le níos mó stoirmeacha báistí arb iad is cúis le tuilte tubaisteacha. Ina theannta sin, i ngeall ar an méadú atá ag teacht ar leibhéil na bhfarraigí, d'fhéadfadh uisce sáile dul isteach in uiscígh fhionnuisce.

2.3. Is ag dul i méid atá an éagothroime idir infhaighteacht na hacmhainne áitiúla agus an t-éileamh ar uisce ó úsáideoirí deiridh, agus, i ngeall air sin, tá baol suntasach ann go mbeidh ganntanais uisce ann amach anseo. Cé go gcinntear infhaighteacht uisce trí thosca bunriachtanacha amhail frasaíocht, tíreolaíocht, treochtaí aeráide agus éilliú, is trí iompar an duine den chuid is mó a chinntear an tomhaltas uisce agus an t-éileamh ar uisce. Ina theannta sin, bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí daonna, lena n-áirítear gníomhaíochtaí na dteaghlach príobháideach, ar cháilíocht na n-acmhainní uisce atá ar fáil. Mar gheall ar thruailliú de dhéanamh an duine sa timpeallacht uisceach, laghdaítear infhaighteacht na n-acmhainní inúsáidte uisce agus méadaítear an costas agus an tionchar comhshaoil a bhaineann le huisce a chóireáil chun go mbainfear amach na leibhéil cháilíochta a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe (uisce óil, úsáid thionsclaíoch, uisciú, etc.). Aithnítear i staidéir ([15]) go bhfuil easpa ardfhaireacháin ar cháilíocht an uisce i ndobharlaigh an Aontais ar cheann de na príomhchúiseanna le tubaistí éiceolaíocha a tharlaíonn i ngeall ar thruailliú uisce.

2.4. De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA), ar an meán, bíonn tionchar ag an strus maidir le huisce ar thart ar 20 % de chríoch na hEorpa gach bliain agus ar 30 % den daonra iomlán ([16]). Tugann EEA le fios go dtarlaíonn an strus maidir le huisce nuair nach bhfuil dóthain uisce ar fáil, ó thaobh cainníochta nó cáilíochta de, chun freastal ar éilimh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair. Is téarma ginearálta é strus maidir le huisce lena gcuirtear triomach, ganntanas cainníochtúil, cáilíocht uisce agus inrochtaineacht uisce san áireamh ([17]).

2.5. Is ionann uisce óil agus thart ar 10 % den úsáid iomlán uisce. Is in earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta a úsáidtear 58 % den uisce iomlán agus i réimse an tsoláthair leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe a úsáidtear 18 % de ([18]).

2.6. Maidir le hastarraingt uisce, is ionann uisce óil agus thart ar 20 % den mhéid iomlán uisce sa réimse sin. Is iad astarraingt le haghaidh fuarú i nginiúint leictreachais ([19]) (32 %) agus astarraingt don talmhaíocht (28 %) na gnéithe is mó a chuireann leis an astarraingt bhliantúil iomlán ([20]).

2.7. Ós rud é go bhfuil baol mór don tsláinte agus don chomhshaol ag baint le héilliú acmhainní uisce le cothaithigh (nítrigin agus fosfar) agus le roinnt mhaith substaintí guaiseacha (amhail iad siúd a bhfuil airíonna carnacha carcanaigineacha nó só-ghineacha iontu), agus go bhfuil an chóireáil is gá chun uisce a íonú costasach agus dian ar acmhainní, iarrann CESE go ndéanfaí reachtaíocht chuimsitheach an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair a chur chun feidhme go pras. Tá CESE á athdhearbhú nach mór do bheartais thionsclaíocha agus talmhaíochta an Aontais astaíochtaí

([14]) Tuarascáil ó IPCC (*Cross-Chapter Paper 4: Mediterranean Region. In: Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability.* Luaitear sa tuarascáil seo gur teophointe í an Mheánmhuir maidir le rioscaí aeráide atá fíor-idirnasctha.

([15]) EEA, Pollution in Europe's rivers.

([16]) Tuarascáil Uimh. 12/2021 ó EEA *Water resources across Europe – confronting water stress: an updated assessment*, 2021.

([17]) Idem.

([18]) Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *The Polluter Pays Principle: Inconsistent application across EU environmental policies and actions* (bunaithe ar staitisticí EEA).

([19]) Mar sin féin, is doiléir fós an tionchar a bhaineann le huisce a úsáid chun plandaí a fhuarú. De ghnáth, tógtar an t-uisce ó dhobharlaigh dromchla nó ón bhfarraige, agus de ghnáth, cuirtear an méid iomlán (nó beagnach an méid iomlán) ar ais chuig na dobharlaigh sin.

([20]) EEA, *Water abstraction by source and economic sector*, 1 Meitheamh 2022.

truailleán a laghdú agus tacú leis an bhfás agus leis an iomaíochas ag an am céanna. Ós rud é gur leas coiteann é an t-uisce, iarrann CESE go gcuirfí uisce óil ar fáil saor in aisce do shaoránaigh uile an Aontais trí thobair agus foinsí uisce inrochtana in áiteanna poiblí i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/2184. Maidir le lamháltais uisce mianraí, ba cheart iarracht a dhéanamh foinse buacaire a chur ar fáil don phobal.

2.8. Cé go ndírítear go príomha sa tuairim seo ar thomhaltas agus ar infhaighteacht acmhainní uisce, tá sé d'aidhm aici freisin dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann leis an gcáilíocht, toisc go mbíonn tionchar ag na fadhbanna sin ar inúsáidteacht iarbhír an uisce. Dá bhrí sin, is é an cuspóir beartais cosc a chur le tuilleadh meatha, agus stádas na n-éiceachóras uisceach a chosaint agus a fheabhsú, chun a áirithiú go laghdófar truailliú screamhuisce de réir a chéile agus chun a thuilleadh truaillithe a chosc.

2.9. D'fhonn uisce de cháilíocht agus de chainníocht leordhóthanach a ráthú don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht, tá gá le feasacht ghinearálta a ardú ar na fadhbanna go léir agus ar na bunchúiseanna atá leo. Ní mór do gach saoránach/tomhaltóir a bheith ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le huisce agus faoin luach a bhaineann leis mar acmhainn finideach, agus ní mór feasacht fhorleathan a ardú maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le hacmhainní uisce, mar aon le bearta a ghlacadh dá réir sin, agus úsáid a bhaint as an réimse príobháideach mar thúsphointe. Chun na críche sin, i dTreoir (AE) 2020/2184 a foilsíodh le déanaí, moltar bearta do na Ballstáit chun feasacht mhéadaitheach a chothú maidir le cáilíocht agus tomhaltas uisce óil.

2.10. Ní mór líon ard fachtóirí agus gnéithe a chur san áireamh, a bhfuil tionchar díreach agus indíreach acu ar thábhacht agus ar thionchar thomhaltas uisce na dteaghlach, lena n-áirítear:

— na críocha éagsúla a bhaineann le tomhaltas díreach uisce: e.g. ól, níochán, uisciú, etc.;

— suíomh an tomhaltais dhírigh uisce: e.g. sa bhaile, ag an obair, i gcaitheamh aimsire, etc.;

— na cineálacha uisce a thomhlaítear: e.g. screamhuisce, uisce dromchla, uisce athúsáidte etc.;

— tomhaltas indíreach uisce: uisce a úsáidtear chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh;

— fuíolluisce díreach: cáilíocht agus cainníocht (cothaithigh, ábhar orgánach, ceimiceáin, etc.);

— fuíolluisce indíreach: fuíolluisce a ghintear trí earraí agus seirbhísí a tháirgeadh;

— gnéithe geografacha maidir le ganntanas uisce agus gnéithe cáilíochta a bhaineann le tomhaltas díreach agus indíreach (idir an leibhéal áitiúil agus an leibhéal domhanda).

3. **Táscairí maidir le húsáid uisce**

3.1. Cé gur cheart cur chuige cuimsitheach a bheith sa chur chuige foriomlán a ghlacfar chun úsáid uisce a bharrfheabhsú, ba cheart an líon is lú táscairí agus is féidir a úsáid agus ní mór do na táscairí sin a bheith chomh simplí agus is féidir. D'fhéadfadh sé nach mbeadh breisluach ard ag baint le líon na dtáscairí a mhéadú ná le húsáid a bhaint as táscairí casta comhiomlánaithe (e.g. loirg agus innéacsanna), i ngeall ar na hacmhainní is gá chun faireachán, anailís agus próiseáil a dhéanamh ar na táscairí sin. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach teacht ar na táscairí is ábhartha agus is mó tionchair, agus cuspóir na faisnéise is gá á chur san áireamh. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na táscairí a úsáideann eacnamaithe/eolaithe/lucht ceaptha beartas chun fadhbanna a shainiú, straitéisí a fhorbairt agus dul chun cinn a thomhas i gcomparáid leis na spriocanna a sainíodh, ar thaobh amháin, agus na táscairí a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh le tomhaltóirí, ar an taobh eile. Chun críocha beartais, tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar shraith táscairí a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an tomhaltas uisce lena bhféadfar measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an bheartais, agus aird ar leith á tabhairt ar chomhsheasmhacht agus ar leanúnachas an fhaireacháin ar na paraiméadair. Is tagairt iad na táscairí a úsáideann EEA i ndáil leis an méid sin.

3.2. Agus táscairí EEA á bhforbairt, leagadh béim ar an ngá atá le líon beag táscairí a shainaithint, ar táscairí iad atá ábhartha don bheartas agus cobhsaí ó thaobh an ama de (gan bheith statach), agus ar féidir leo freagraí ar cheisteanna áirithe tosaíochta (e.g. ceisteanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha) a chur ar fáil.

3.3. Is é an táscaire is ábhartha chun úsáid uisce na dtomhaltóirí (teaghlaigh phríobháideacha) a thomhas ná tomhaltas uisce i lítir per capita in aghaidh an lae (L/cap/d). Leis na sonraí atá ar fáil, léirítear éagsúlachtaí móra idir 77 agus 220 lítir per capita in aghaidh an lae ([21]).

([21]) Eureau, *The governance of water services in Europe*, 2020.

3.4. Ní mór timthriall iomlán an uisce, mar aon le gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla, a chur san áireamh i mbearta arb é is aidhm dóibh tomhaltas éifeachtúil uisce a spreagadh. Ní hamháin gur cheart aghaidh a thabhairt ar astarraingt/tomhaltas uisce óil leis na bearta sin, ach ba cheart a chur san áireamh leo freisin na buntáistí a bhaineann le húsáid chiorclach uisce (athúsáid uisce), agus tuiscint a chothú go n-úsáidtear uisce chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh chomh maith. Cabhróidh sé sin le teaghlaigh phríobháideacha tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar a roghanna tomhaltais ar cháilíocht agus ar chainníocht na n-acmhainní uisce ina réigiún, ina dtír agus ar fud an domhain. Cuideoidh sé freisin leis na saoránaigh cultúr feasachta a fhorbairt maidir le gach gné dá bpatrúin aonair tomhaltais uisce (laistigh agus lasmuigh den teaghlach) agus a bheith ar an eolas faoi conas a dtomhaltas a dhéanamh éifeachtúil. Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cabhrú leo straitéisí a roghnú agus a chur chun feidhme chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a dtomhaltais a mhéadú.

3.5. Cé gur gá tomhaltas éifeachtúil uisce a bhaint amach ar fud na hEorpa, is mó an phráinn a bhaineann leis sin i gceantair ina bhfuil ganntanais uisce nó a bhíonn thíos le triomach ar bhonn níos minice. Ba cheart éifeachtúlacht an chórais soláthair uisce a áireamh sa straitéis fhoriomlán d'fhonn cur chuige iomlánaíoch a áirithiú. D'fhonn teacht ar réitigh, ní mór do sholáthróirí uisce straitéisí lena ndírítear níos mó ar an todhchaí a ghlacadh, lena n-áirítear measúnú agus bainistiú rioscaí a bhaineann leis an gcóras soláthair, bainistiú sceite, foinsí malartacha uisce, etc.

3.6. Ó thaobh teoirice de, bheadh ciall le húsáid a bhaint as raon leathan paraiméadair táscaire (réimse atá oiriúnach don chur chuige seo is ea réimse an uisce). Mar sin féin, ní mór a chur san áireamh go bhfuil neart oibre i gceist ní hamháin le sonraí breise a chuardach, ach freisin leis na sonraí sin a bhailíochtú agus a scaipeadh. Tagann na gníomhaíochtaí breise sin faoi inniúlachtaí na struchtúr lárnach Eorpach, ach freisin faoi inniúlachtaí na mBallstát agus a ngníomhaireachtaí nó a gcuideachtaí oibriúcháin faoi seach a dhéanann na sonraí sin a chuardach agus a tháirgeadh. Mar sin féin, ní gá go mbeifear in ann torthaí níos fearr a bhaint amach trí líon na n-oibríochtaí a mhéadú. Dá bhrí sin, seachas táscairí nua a chruthú, is fearr an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na táscairí atá ann cheana.

An Bhruiséil, 12 Iúil 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE